


10 Bainistíocht agus tuairisciú airgeadais d'ionaid iascaigh cuain

- 10.1** Tá ionaid iascaigh cuain (na hionaid) ainmnithe ag sé láthair ar fud an Stáit (féach ar Fhíor 10.1).¹ Is é príomhfheidhm na n-ionad gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascach in Éirinn a fhorbairt agus tacú leo. Anuas air sin, is féidir saoráidí na n-ionad a úsáid chun gníomhaíochtaí fóillíochta agus taitneamhachta a chur chun cinn, agus chun cabhrú le forbairt shóisialta agus gheilleagrach sna ceantair áitiúla.

Fíor 10.1 Láthair na n-ionad iascaigh cuain



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 10.2** Tá freagracht dhíreach ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an Roinn) as bainistiú agus oibriú na n-ionad. Cistítear oibríochtaí laethúla trí dhleachtanna cuain agus trí mhuirir a shocraítear sa dlí, agus cíosanna ó réadmhaoín atá faoi úinéireacht an Stáit. Anuas air sin, cuirtear cistiú deontais chaipitil ón Stáitchiste ar fáil chun saoráidí cuain a fhorbairt agus a chothabháil.
- 10.3** Bainistíonn an Roinn idirbhearta airgeadais na n-ionad trí chiste reachtúil, ar a dtugtar Ciste na n-ionad Iascaigh Cuain (an Ciste), a ndéantar iniúchadh air ar bhonn bliantúil.
- 10.4** I ndiaidh freagracht as gnóthaí muirí (iascaigh ina measc) a aistriú chuig an Roinn in 2007, bhí moilleanna suntasacha ar ullmhú agus ar chur i láthair na ráiteas airgeadais iniúchta do na hionaid. Críochnaíodh tuarascáil speisialta faoin mbainistíocht agus faoin tuairisciú airgeadais do na hionaid in Aibreán 2014.² Leagtar amach sa tuarascáil an cúlra atá leis na moilleanna ar thuairisciú airgeadais agus roinnt saincheistanna gaolmhara bainistíochta airgeadais, dleachtaí cuain a bhilleáil, ioncam cíosa a bhilleáil agus éifeachtacht an bhailithe fiachais san áireamh. Bhí seacht moladh sa tuarascáil agus ghlac an Roinn le gach ceann díobh.

¹ Ainmnítear na hionaid faoin Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968.


² Tuarascáil speisialta uimhir 82 an ARCC, *Bainistíocht agus Tuairisciú Airgeadais d'ionaid Iascaigh Cuain*, Aibreán 2014.

- 10.5** Rinne an Coiste um Chuntais Phoiblí (an CCP) scrúdú ar an tuarascáil speisialta ag a chruinniú an 16 Deireadh Fómhair 2014, agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil féin ar an gceist i Meitheamh 2015.¹ Bhí 13 mholadh i dtuarascáil an Choiste. Bhain ocht gcinn de mholtaí an CCP go dlúth le moltaí sa tuarascáil speisialta.² Ghlac an tAire don Roinn le 12 mholadh de chuid an CCP in Aibreán 2016, lenar áiríodh ocht gcinn a bhain le moltaí sa tuarascáil speisialta.³
- 10.6** Nuair a chuirtear an tréimhse ama atá caite ó críochnaíodh an tuarascáil speisialta san áireamh, measadh gur chuí measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas
- tráthúlacht an tuairiscithe airgeadais anois
 - conas a chuir an Roinn na moltaí a cuimsíodh sa tuarascáil i bhfeidhm
 - na socruithe rialachais a chuir an Roinn i bhfeidhm chun na moltaí a chur i bhfeidhm.

Tráthúlacht an tuairiscithe airgeadais

- 10.7** Tá feabhsú suntasach tagtha ar thráthúlacht an tuairiscithe airgeadais ar ghnó na n-ionad (féach ar Fhíor 10.2). A fhad le 2019, baineadh dul chun cinn suntasach amach i dtaobh a thráthúla a seoladh cuntais ar aghaidh lena n-iniúchadh. Níor seoladh ráitis airgeadais 2019 ar aghaidh lena n-iniúchadh go dtí an 9 Meán Fómhair 2020. Mhínigh an Roinn go raibh moill ar ráitis airgeadais 2019 mar gheall ar chastachtaí a bhaineann le haithint talamh agus foirgnimh agus bonneagar cuain sna ráitis airgeadais den chéad uair chomh maith le moilleanna a raibh paidéim Covid ina cúis leo.

Fíor 10.2 Tráthúlacht an tuairiscithe airgeadais ar na hionaid iascaigh cuain, ó 2011 go 2019



¹ An Coiste um Chuntais Phoiblí — *Tuarascáil ar na hionaid iascaigh Cuain* (Meitheamh 2015).

² Bhain moladh comhionann i dtuarascáil an Choiste le gach moladh i dtuarascáil speisialta uimhir 82 (seachas i gcás mholadh 5).

³ Ciorclán 09/2016 *Miontuairiscí an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar fhreagairt do Thuarascáil an Choiste um Chuntais Phoiblí ar na hionaid iascaigh Cuain* (Aibreán 2016).

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- Nótaí:
- a Is éagsúil atá na spriocanna ama maidir le ráitis airgeadais a sheoladh ar aghaidh le haghaidh iniúchta idir catagóirí éagsúla comhlachta. I gcás chuntas na n-ionad iascaigh cuain, ní shonraítear sa reachtaíocht an sprioc-am chun ráitis airgeadais a sheoladh ar aghaidh. Ceanglaítear sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* dréachtchuntais a sheoladh ar aghaidh lena n-iniúchadh laistigh de dhá mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse cuntasíochta.
 - b Seoladh ráitis airgeadais 2019 ar aghaidh lena n-iniúchadh an 9 Meán Fómhair 2020, i.e. beagán de bhreis ar ocht mí i ndiaidh dheireadh thréimhse an chuntais.

Moltaí a chur i bhfeidhm

- 10.8** Leagadh amach sa tuarascáil speisialta seacht moladh a rinneadh don Roinn maidir le bainistíocht agus tuairisciú airgeadais do na hionaid. Rinneadh measúnú ar an dul chun cinn maidir leis na moltaí a chur i bhfeidhm amhail an 28 Feabhra 2020. Cuireadh i gcuntas sa mheasúnú freisin, áfach, na forbairtí ábhartha a thit amach i ndiaidh an dáta sin.
- 10.9** Measúnaíodh stádas reatha gach molta i dtaobh bheith curtha i bhfeidhm, curtha i bhfeidhm go páirteach, ar bun nó gan a bheith curtha i bhfeidhm. Leagtar amach an measúnú ar gach moladh thíos.

Formáid na ráiteas airgeadais

Moladh 1: Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar fhormáid na gcuntas don bhliain 2012 (agus i mblianta ina dhiaidh sin) ag féachaint le comhsheasmhacht i dtaobh cleachtas cuntasáiochta a bheidh cothrom le dáta a chinntiú.

- 10.10** Cuireadh formáid ráitis airgeadais na n-ionad le chéile go leor blianta ó shin. Leagadh béim sa tuarascáil ar an ngá atá le feabhas a chur ar cháilíocht agus áisiúlacht an eolais airgeadais a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais agus sainaithníodh neamh-chomhsheasmhacht sna beartais agus cleachtais chuntasáiochta nuair a chuirtear i gcomparáid iad le cleachtas reatha cuntasáiochta.
- Bunaítear luachanna sócmhainní seasta sa ráiteas ar an staid airgeadais ar chaiteachas carnach a tabhaíodh ar réadmhaoin chuain ó na dátaí éagsúla a ainmníodh iad mar ionad iascaigh cuain. Ní aithnítear luach sócmhainní reatha a aistríodh ag dáta an ainmnithe.
 - Ní chatagóirítear sócmhainní seasta de réir saghais sna nótaí leis an gcuntas.
 - Ní dhéantar sócmhainní seasta a dhímheas.
 - Ní thugtar faoi athbhreithnithe i dtaobh dífheidhmeacht nó lagú sócmhainne.
 - Aisteach go leor, déantar na ráitis a dhéileálann leis an idirbheart i mbliain a ullmhú ar bhonn airgid thirim agus fabhrú araon. Is gnách go n-ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhonn airgid thirim nó fabhrú, ach ní ullmhaítear iad ar an dá bhonn sin.
 - Ní ullmhaítear aon ráiteas ar shreabhadh airgid — is gnách go n-áirítear ráiteas ar shreabhadh airgid le ráitis airgeadais atá bunaithe ar fhabhrú.
 - Níor cuireadh ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais san áireamh mar chuid den phróiseas tuairiscithe bhliantúil airgeadais do na hionaid.
- 10.11** Ó críochnaíodh an tuarascáil speisialta in Aibreán 2014, cuireadh feabhas ar roinnt bealaí ar na ráitis airgeadais don Chiste.
- Cuireadh ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais san áireamh sna ráitis airgeadais bhliantúla ó ráitis 2012 ar aghaidh (síníodh iad i mBealtaine 2015).
 - Aithníodh luach mótarfheithiclí agus gléasra agus innealra den chéad uair sa ráiteas ar an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018.¹
 - Aithnítear sna dréachtráitis airgeadais don Chiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 luach na sócmhainní seasta, sócmhainní talún, foirgnimh agus bonneagair san áireamh (a luacháiltear bunaithe ar bhonn luachálacha a chuir an Oifig Luachála ar fáil) agus sócmhainní caipitil atá á dtógáil.² Áirítear le dréachtráitis airgeadais 2019 freisin beartas dímheasa do na sócmhainní seasta seo.

¹ Aithníodh mótarfheithiclí agus gléasra agus innealra ar a bhfuil glanluach €626,000 de réir na leabhar.

² Áiríodh leis seo sócmhainní a luacháladh amhail €494 milliún an 31 Nollaig 2019 — sócmhainní talún, foirgnimh agus bonneagair ar luach iomlán €457 milliún agus sócmhainní caipitil ar luach €37 milliún atá á bhforbairt.

Seachas sin, níl athrú tagtha ar fhormáid ná ar bheartais chuntasaíochta na ráiteas airgeadais.

- 10.12 Measúnú:** Níor cuireadh an moladh seo i bhfeidhm ach go páirteach. Cé go ndeachaigh an Roinn i mbun gnímh chun dul i ngleic le roinnt den neamhchomhsheasmhacht i mbeartais agus cleachtais chuntasaíochta a shainaithnítear sa tuarascáil speisialta, tá roinnt oibre le déanamh chun go gcomhlíonfaidh formáid an tuairiscithe airgeadais an cleachtas caighdeánach cuntasaíochta. Gheall an tOifigeach Cuntasaíochta grúpa tionscadail a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tsaincheist seo agus moltaí a dhéanamh. Lorgóidh an Roinn faomhadh ansin ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi mar is cuí, d'aon athruithe a theastaíonn.

Rialachas na gcuanta iascaigh

Moladh 2: Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe rialachais do na hionaid lena chinntiú go gcuirtear cineál an ghnó san áireamh go leordhóthanach iontu.

- 10.13** Tá na seirbhísí a chuireann na hionaid iascaigh cuain ar fáil de chineál tionsclaíoch/tráchtála, den chuid is mó. Áirítear leo seo réadmhaoine a bhainistiú agus a ligean ar cíos d'fhiontair thráchtála i bpurláin an chuain; bonneagar agus seirbhísí a sholáthar, ar nós hallaí ceantála; leictreachais; uisce agus oighear a sholáthar; tobhaigh a ghearradh agus táillí a bhailiú ar ghabhála éisc a chur i dtír; agus páirceála, etc. Tá cuid mhaith gníomhaíochta taitneamhachta agus/nó turasóirí i gceist i roinnt cuanta freisin. Tá an saghas seo gníomhaíochta an-éagsúil ó go leor de ghníomhaíocht eile na Roinne, ar mó go mbaineann cineál riaracháin leis. De bhreis air sin, mar gheall go ndearnadh na hionaid chuain a chuimsiú i gcórais roinne, tháinig roinnt fadhbanna aníos nuair a aistríodh iad idir Ranna in 2007.
- 10.14** Moladh sa tuarascáil speisialta gur cheart socruithe bainistíochta agus rialachais na n-ionad a athbhreithniú chun cineál an ghnó a chur san áireamh.
- 10.15** Sular críochnaíodh an tuarascáil speisialta in Aibreán 2014, bhí an Roinn i ndiaidh tabhairt faoi athbhreithniú inmheánach ar na struchtúir bhainistíochta agus tuairiscithe ag na hionaid a cheadaigh an Bord Bainistíochta in Iúil 2013.¹ Ba é cuspóir an athbhreithnithe acmhainneacht acmhainní na foirne a uasmhéadú ag gach ceann de na sé ionad i gcomhthéacs éifeachtúlachtaí méadaithe agus cuspóirí Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a bhaint amach.
- 10.16** Ag eascairt as an athbhreithniú, rinneadh athruithe ar na struchtúir bhainistíochta agus tuairiscithe ag na hionaid, lenar áiríodh feidhmeanna oibríochtúla laethúla na n-ionad a idirscaradh ó na feidhmeanna bainistíochta réadmhaoine agus fiachais. Luaigh an Roinn gur chuir na struchtúir leasaithe ar a cumas aonad tiomnaithe réadmhaoine a sholáthar a dhíreodh ar bhainistiú réadmhaoine an chuain i gcomhthráth leis an aonad aisghabhála fiachais a bhí ann cheana féin a bhí ag oibriú chun feabhas a chur ar na torthaí airgeadais a bhí le híoc leis na hionaid.
- 10.17** Rinneadh soláthar san athbhreithniú freisin do choiste bainistíochta inmheánach ionad iascaigh cuain a bhunú, ar leibhéal príomhoifigigh. Rinneadh ionadaíocht sa Choiste i dtosach ón rannán riaracháin iascaigh mhara agus ón rannán innealtóireachta muirí. I ndiaidh gur foilsíodh an tuarascáil speisialta, leasaigh an Roinn ballraíocht an Choiste chun an rannán cuntas a chur san áireamh freisin.

¹ Athchóiriú ar Struchtúir Bhainistíochta agus Thuairiscithe ag sé Ionad Iascaigh Cuain na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara: Óna n-eascraíonn éifeachtúlachtaí feabhsaithe, éifeachtacht agus déshruith a dhíothú, Meitheamh 2013.

- 10.18** Níl 'téarmaí tagartha' foirmiúla ag an gcoiste bainistíochta cuanta, agus ní ullmhaíonn sé miontuairiscí dá chuid cruinnithe ná níl socruithe tuairiscithe fhoirmiúil aige.
- 10.19** Luaigh an Roinn go dtagann an coiste bainistíochta lena chéile faoi mar is cuí, agus ar a laghad faoi dhó sa bhliain agus go bhfuil sainchúram éifeachtach aige chun breithniú a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas¹
- saincheisteanna straitéiseacha, oibríochtúla agus bainistíochta
 - saincheisteanna airgeadais
 - clár caipitil
 - cuntais a ullmhú agus
 - sláinte agus sábháilteacht.
- 10.20** Tá téarmaí tagartha foirmiúla á ndéanamh ag an Roinn faoi láthair de théarmaí tagartha an choiste bainistíochta agus tá socrú á dhéanamh aici go ndéanfar a imeachtaí a thaifeadadh go foirmiúil agus go ndéanfar tuairisciú orthu go tréimhsiúil le Bord Bainistíochta na Roinne.
- 10.21** Luaigh an Roinn go ndearna ionchur ó chruinnithe bliantúla úsáideoirí an chuain do gach cuan agus fóram bliantúil máistrí cuain, ina bpléann gach ceann den seisear máistrí cuain ceisteanna a dhéanann difear d'oibriú na gcuanta, feabhas breise a chur ar na socruithe rialachais.
- 10.22** **Measúnú:** Rinneadh an moladh seo a chur i bhfeidhm go páirteach. Rinne an Roinn athruithe ar na socruithe bainistíochta agus tuairiscithe maidir leis na hionaid i ndiaidh athbhreithniú inmheánach a dhéanamh, coiste bainistíochta nua a bhunú ina measc, agus rinneadh coigeartú breise orthu seo i ndiaidh gur tugadh an tuarascáil speisialta chun críche. Ní dhearnadh aon athbhreithniú foirmiúil, áfach, ar na fiúntais a bhaineann le struchtúir rialachais mhalartacha fhéideartha, e.g. comhlacht Stáit aonair a bhunú chun bainistiú a dhéanamh ar ghnó na gcuanta.
- 10.23** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb ionann na coigeartuithe a rinneadh ar fhormáid na gcuntas, an t-athchóiriú suntasach atá á dhéanamh ar na próisis bhailithe fiachais, luacháil sócmhainní agus coiste bainistíochta a bhunú, agus fianaise shubstainteach go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar rialachas. Glacann sé leis go bhféadfadh go ndearna an t-athbhreithniú sin breithniú foirmiúil ar roghanna struchtúracha eile de chineál beartais, an ghné seo d'fheidhmeanna na Roinne a aistriú chuig comhlacht Stáit, nó comhlacht Stáit a chruthú chun tabhairt faoi na feidhmeanna seo den Roinn. Luaigh sé, áfach, nach raibh an Roinn cinnte riamh go gcuirfí feabhas ar chuntasacht nó trédhearcacht i dtaobh na n-ionad iascaigh cuain trí chomhlacht Stáit a bhunú, agus go mbeadh costas breise i gceist, dar ndóigh, ar shraith nua de bhainistíocht shinsearach agus ar bhaill nua bhoird, nó go gcuirfeadh scaipeadh na cuntasachta feabhas orthu trí shraitheanna iolracha de riarachán, nó go bhféadfaí an rud ar dhírigh riarachán na gcuanta iascaigh go príomha orthu — bonneagar agus seirbhísí a sholáthar chun an tionscal iascaireachta a fhorbairt agus a rialáil — a fheabhsú trí na feidhmeanna a aistriú ón Roinn go dtí comhlacht Stáit. Is amhlaidh, chomh maith céanna, go bhfuil scála na n-oibríochtaí seo i bhfad níos lú, ó thaobh cúrsaí airgeadais de, ná mar atá in go leor rannán eile den Roinn.

¹ Déantar tagairt don Choiste seo, maidir leis na ceisteanna ar cheart dó aird ar leith a thabhairt orthu, agus do mhiniciocht a chruinnithe, sa *Lámhleabhar Dea-Chleachtais maidir le hIonaid Iascaigh Cuain*, Meán Fómhair 2020.

Athbhreithniú ar orduithe muirir

Moladh 3: Ba cheart don Roinn athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar leordhóthanacht an ordaithe muirir, ag eatraimh rialta, lena chinntiú go gcuirtear dálaí reatha geilleagracha san áireamh sna rátaí muirir go léir, agus go gcuirtear gach gníomhaíocht agus seirbhís ábhartha a chuireann ionaid ar fáil san áireamh.

- 10.24** Leagtar amach in ionstraim reachtúil, ar a dtugtar ordú muirir, na rátaí a ghearrann na hionaid dá gcuid seirbhísí. Mar shampla, leagtar amach na muirir a focann árthaí as cuan a iontráil nó a ngabhálacha a chur i dtír san ordú seo. I measc na dtáillí eile, tá táillí carrpháirceála agus na costais a bhaineann le leictreachas a úsáid agus forchostais eile.
- 10.25** Mar fhreagairt don mholadh, chomhaontaigh an Roinn tabhairt faoi athbhreithniú foirmiúil ar na horduithe gach trí bliana (ag tosú in 2015). Níl na horduithe muirir nuashonraithe ag an Roinn, áfach, ón mbliain 2012 ar aghaidh.
- 10.26** Chríochnaigh an Roinn athbhreithniú ar na muirir faoin ordú ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019, shainaithin sí sraith nua muirear agus, bunaithe ar chomhairle dlí, dhréachtaigh sí sé ordú muirir nua a thiocfadh in ionad ordú muirir aonair 2012. Luaigh an Roinn go raibh ardchéim bainte amach ag an bpróiseas lena mbaineann na horduithe muirir a nuashonrú amhail an 28 Feabhra 2020 ach gur ghá fad a bhaint as an athbhreithniú ar ordú 2012 gan choinne mar gheall gur ghlac sé roinnt mhaith ama le saincheisteanna oibríochtúla a réiteach.
- 10.27** Nuair a fiafraíodh den Roinn faoin moill a bhí ar na horduithe a shíniú agus ar na muirir nua a chur i bhfeidhm, luaigh an Roinn go bhfuil saincheist dhlíthiúil i gceist maidir le muirir charrpháirceála i gceann amháin dá hionaid ar gá í a shoiléiriú sular féidir leis an Aire na horduithe a shíniú. Mhínigh an Roinn freisin go gceanglaítear san Acht go bhfoilséoidh an tAire an moladh pé uair a bheartaíonn sé ordú a dhéanamh agus go gcuirfidh sé ar fáil é ar mhaithe le comhairliúchán poiblí ar feadh 21 lá agus go ndéanfar breithniú ansin ar aon aighneachtaí sula ndéanfar cinneadh faoi cibé acu an dtabharfar nó nach dtabharfar córas nua muirearaithe isteach. Luaigh an Roinn, a luaithe a gheofar soiléiriú ó Oifig an Ard-Aighne maidir le muirir charrpháirceála agus ar aon saincheisteanna gaolmhara eile, má thagann siad chun solais, go mbeartaíonn sí leanúint ar aghaidh a fhad le comhairliúchán poiblí.
- 10.28** Thug an Roinn chun suntais gurb í gníomhaíocht iascaireachta is mó a chuireann le hioncam cuan iascaigh agus go mbunaítear na muirir ar ghabhálacha a chur i dtír ar an meánphraghas a bhí ar ghabhálacha éisc a chur i dtír sa bhliain roimhe sin, a chiallaíonn go bhfuil na muirir ar ghabhálacha a chur i dtír a luaitear in ordú 2012 dinimiciúil agus go bhfuil cúinsí reatha geilleagracha á gcur san áireamh iontu go fóill.
- 10.29** **Measúnú:** Tá obair chun an moladh seo a chur i bhfeidhm ar bun go fóill. Ar aon dul leis an ngealltanas a rinneadh i dtosach, ba cheart go mbeadh athbhreithniú déanta ar na horduithe faoi dhó ó tugadh an tuarascáil speisialta chun críche. Faoi mar a dtugtar cuntas air thuas, beartaíonn an Roinn chun orduithe nua a thabhairt chun críche go luath agus ina dhiaidh chun athbhreithniú a dhéanamh gach trí bliana ar oiriúnacht na muirear.

Réadmhaoin tráchtála a bhainistiú

Moladh 4: Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh láithreach bonn ar an réadmhaoin siúd atá á soláthar saor in aisce nó atá folamh faoi láthair, ag féachaint lena chinntiú go bhfuil toradh iomaíoch ceart á bhaint ag na hionaid.

- 10.30** Tugadh chun solais sa tuarascáil speisialta go raibh roinnt réadmhaoin a bhí lonnaithe sna hionaid iascaigh cuain a bhí faoi úinéireacht an Stáit gan áitiú nó go raibh úsáid á baint ag tríú páirtithe astu gan muirear cíosa a bheith á íoc acu.
- 10.31** Luaigh an Roinn go leanann sí lena punann iomlán réadmhaoin a athbhreithniú ar bhonn leanúnach mar chuid dá feidhm bhainistíochta réadmhaoin. Rinne an Roinn struchtúr foirmiúil dá struchtúr tuairiscithe in Eanáir 2020 do phróiseas athbhreithnithe na punainne réadmhaoin trí riachtanas a thabhairt isteach chun tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Bhord Bainistíochta na Roinne chun go ndéanadh sé breithniú air.
- 10.32** Is í aon ghníomhaireacht a bhfuil cíós saor in aisce nó “ainmniúil” á ghearradh uirthi faoi láthair ná Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrhála (an *RNLI*). Beartas Roinne a bhí agus atá ann seo go fóill, mar aitheantas dá stádas carthanach agus don mhéid a chuireann siad le sábháilteacht mhairnéalach.
- 10.33** As na 249 réadmhaoin atá sa phunann réadmhaoin amhail an 3 Feabhra 2020, rangáíodh go raibh 17 folamh. As na 17 réadmhaoin fholmha, measadh go bhféadfadh go raibh sé cinn ar fáil le haghaidh tairisceana nó diúscartha, agus measadh go raibh 11 cheann mí-oiriúnach le haghaidh tairisceana nó diúscartha. Dheimhnigh an Roinn go bhfuil sí ag oibriú go gníomhach chun saincheistanna a réiteach agus go bhfuil idirchaidreamh á dhéanamh aici le páirtithe ábhartha maidir le gach ceann de na sé réadmhaoin fholmha ag féachaint le hiad a ullmhú d'áitiú ag tríú páirtí, iad a fhorbairt nó iad a dhiúscairt.
- 10.34** **Measúnú:** Cuireadh an moladh seo i bhfeidhm.

Réadmhaoin a dhíol

Moladh 5: Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm i gcás díolacháin réadmhaoin lena chur ar a cumas leanúint le toradh a bhaint ón réadmhaoin ar feitheamh an próiseas díolachán a thabhairt chun críche.

- 10.35** Luadh sa tuarascáil speisialta gur ceadaíodh don cheannaitheoir beartaithe an réadmhaoin a áitiú gan cíós a íoc fad a bhí sé á phleanáil chun réadmhaoin a dhíol i 1992. Baineadh fad as an bpróiseas díolta, agus ní raibh sé tugtha chun críche go fóill faoin mbliain 2014, nuair a tugadh an tuarascáil chun críche. Áitíodh an t-áitreabh gan aon chíós á íoc i rith na 22 bliain idir an dá linn.
- 10.36** Luaigh an Roinn gur chás leagáide ar leith a bhí sa réadmhaoin seo a dhíol. Críochnaíodh an díol in 2017, agus d'áitigh an ceannaitheoir an t-áitreabh idir 1992 agus an tráth sin gan aon chíós á ghearradh air. Dheimhnigh an Roinn nár tháinig aon chás eile aníos ó críochnaíodh an tuarascáil speisialta go dtí deireadh mhí Feabhra 2020 inar díoladh réadmhaoin le háititheoir reatha gan cíós a ghearradh go dtí gur tugadh an díol chun críche.

- 10.37** Luaigh an Roinn gurb é an beartas ginearálta ó críochnaíodh an tuarascáil ná chun réadmhaoín a léasú ar bhonn tráchtála, seachas réadmhaoín a dhíol, le sruth réidh ioncaim a chinntiú a theastaíonn chun íoc as na costais leanúnacha a bhíonn ar na hionaid a oibriú. Athraíodh an *Lámhleabhar Dea-Chleachtais maidir le hionaid lascaigh Cuain* in 2020 chun an beartas ginearálta seo a léiriú.
- 10.38** As na 249 réadmhaoín a bhí sa phunann réadmhaoine an 3 Feabhra 2020, ní raibh cíós á ghearradh ar cheithre dháileacht talún atá á ndíol faoi láthair. Anuas air sin, ní raibh cíós á ghearradh ar dháileacht eile talún nach bhfuil sa phunann réadmhaoine agus atá á díol faoi láthair. Dar leis an Roinn, níl aon luach tráchtála, straitéiseach ná oibríochtúil ar na dáileachtaí seo talún atá ar imeall dhá ionad, a bhíodh mar chuid de ghairdíní tí go stairiúil agus tá siad á ndíol ar a luacháil tráchtála.
- 10.39** **Measúnú:** Cuireadh an moladh seo i bhfeidhm.

Fiachas a bhailiú go héifeachtúil

Moladh 6: Ba cheart don Roinn spriocanna ar leith a leagan amach chun an méid ama a ghlacann sé chun fiachais a bhailiú a laghdú. Ba cheart di aird níos luaithe a dhíriú ar chustaiméirí níos mó de réir mar a thagann riaráistí chun solais, agus straitéisí cuí a chur le chéile agus a dhoiciméadú chun oibriú leis na custaiméirí siúd.

- 10.40** Cuid thábhachtach de bhainistiú éifeachtach airgeadais a dhéanamh ar aon eagraíocht is ea fiachais a bhailiú go pras. Mar gheall go raibh moill ar ionad iascaigh cuain sonraisc a sheoladh ar aghaidh, bhí dúshlán mhóra roimh an Roinn maidir lena fiachais a bhailiú. Mar thoradh air sin, bhí fiachais thart ar €4 milliún le híos go fóill ag deireadh 2014.¹ Níor íocadh fiachais ar feadh 256 lá, ar an meán.²
- 10.41** Thug an Roinn athruithe ar a feidhm bhainistíochta agus aisghabhála fiachais isteach in 2016. Mar chuid de na hathruithe seo, tugann aonad monatóireachta fiachais faoin monatóireacht go lárnach ar an bhfiachas atá infhaighte (fiachas ionad iascaigh cuain san áireamh) atá i rannán cuntas na Roinne. Díríonn aonad tiomnaithe bainistíochta fiachais laistigh de rannán riaracháin lascaigh Mhara ar fhiachais na n-ionad a bhailiú agus a aisghabháil, a oibríonn i gcomhar le agus mar chuid lárnach de na nósanna imeachta agus na próisis nua.
- 10.42** Bunaíodh córas saincheaptha lárnach bainistíochta fiachais i gcóras cuntasíochta na Roinne chun comhsheasmhacht a bhaint amach ina gníomhaíochtaí bainistíochta fiachais. Éascaíonn agus rianaíonn an córas na bearta a ndéanann ina mbun chun fiachas a aisghabháil ar leibhéal féichiúnaí aonair. Measann an Roinn go bhfuil na nósanna imeachta agus an córas reatha éifeachtach i dtaobh na gcuspóirí a bhaint amach lena mbaineann amlínte an bhailithe fiachais agus leibhéil fiachais, ar an iomlán, a laghdú.
- 10.43** Laghdaíodh fiachas nár íocadh go fóill anuas ó thart ar €4 milliún amhail an 31 Nollaig 2014, go dtí €1.9 milliún an 31 Nollaig 2019. Laghdaíodh na meánlaethanta féichiúnaí anuas ó 256 lá ag deireadh 2014 go dtí fad meastachán 128 lá an 31 Nollaig 2019.³

¹ Ní chuirtear fiachas €1.6 milliún san áireamh san fhigiúr fiachais €4 milliún ar measadh nach raibh dlíte agus le híos i ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i mí na Nollag 2015.

² Tomhas caighdeánach iad ‘meánlaethanta féichiúnaí’ ar thráthúlacht an bhailithe fiachais. Is é an sainmhíniú a thugtar air ná an meánlón laethanta a ghlacann sé ar fhéichiúnaithe comhlachta chun íocaíocht a dhéanamh. Ríomhtar é sna hionaid mar seo a leanas: figiúr na bhféichiúnaithe trádála ag deireadh na bliana roinnte faoi fhigiúr an ioncaim thrádála (i.e. dleachtanna agus cíosanna cuain) iolraithe faoi 365 lá.

³ Bunaithe ar dhreachtáitis airgeadais 2019.

- 10.44 Measúnú:** Rinneadh an moladh seo a chur i bhfeidhm go páirteach. Tá bainistíocht níos gníomhaí á déanamh ar fhéichiúnaithe, agus rinneadh luach an fhiachais a bhí le híoc go fóill agus na meánlaethanta féichiúnaí a laghdú go mór. Níl spriocanna leagtha amach ag an Roinn maidir leis an méid is mian léi a bhaint amach i dtaobh leibhéal nó thráthúlacht an fhiachais ach gheall sí chun é sin a dhéanamh agus an tionchar dóchúil a imreoidh srianta na paidéime á chur san áireamh.

Talamh, bonneagar agus foirgnimh a luacháil

Moladh 7: Ba cheart don Roinn luacháil reatha ar thalamh agus réadmhaoine ionaid a fháil. Chuirfeadh seo eolas níos iomláine agus níos cothroime le dáta ar fáil agus thacódh sé le hanailís airgeadais a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-ionad, agus ar chinnteoireacht maidir leis an úsáid a bhaintear as sócmhainní na n-ionad.

- 10.45** Déanann na hionaid sócmhainní suntasacha a bhainistiú thar ceann an Stáit. Ag an tráth a tugadh an tuarascáil speisialta chun críche (in 2014), ba sa bhliain 2004 a rinneadh an luacháil neamhspleách ba dhéanaí ar na sócmhainní réadmhaoine sna hionaid. Deimhníodh sa luacháil seo gurbh ionann luach na réadmhaoine ag na cúig ionad a ainmníodh ag an tráth sin agus €259 milliún. Níor cuireadh san áireamh sa luacháil seo réadmhaoine ag ionad an Daingin, nach raibh ainmnithe mar ionad iascaigh cuain ach sa bhliain 2007. Nuair a dhéanann fiontar reatha sócmhainní suntasacha a éadail, is é an cleachtas caighdeánach iad a aithint sna ráitis airgeadais ar a luach reatha. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Chiste, níor aithníodh sócmhainní seasta in ionad an Daingin a aistríodh ag dáta an ainmnithe sna ráitis airgeadais.
- 10.46** Sholáthair an Oifig Luachála luacháil nuashonraithe don Roinn in 2015 do gach ceann de na sé ionad (amhail an 31 Nollaig 2014) ar luach sealadach €638 milliún a nochtadh i nóta le ráitis airgeadais 2017 an Chiste.¹ Chreid an Roinn, áfach, nár cuireadh san áireamh sa luacháil seo iomláine réadmhaoine na n-ionad (foirgnimh, talamh agus bonneagar gaolmhar) agus choimisiúnaigh an Roinn cleachtadh nua léarscáilithe dá bharr le hiomláine a sócmhainní réadmhaoine a chinntiú.
- 10.47** Ghlac sé beagán de bhreis ar thrí bliana chun an cleachtadh léarscáilithe a chríochnú agus cruthaíodh bunachar sonraí digiteach do gach ionad mar chuid den chleachtadh, bunaithe ar léarscáileanna de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, ina sonraítear lorg fisiciúil na n-ionad agus gach struchtúr a bhí laistigh den lorg sin.
- 10.48** I ndiaidh gur críochnaíodh an cleachtadh léarscáilithe do na sé ionad i Samhain 2019, lorg an Roinn luacháil nuashonraithe amhail an 31 Nollaig 2019 ar a sócmhainní réadmhaoine ar bhonn ionaid ar ionad ón Oifig Luachála agus úsáid á baint as an mbunachar sonraí digiteach mar an bhfoinse sonraí don chleachtadh athluachála. Chuir an Oifig Luachála luacháil €457 milliún ar fáil le haghaidh talún, foirgneamh agus bonneagair i ráithe a trí do na sé ionad. Léirítear an luacháil seo sa ráiteas ar an staid airgeadais i ndréachtráitis airgeadais 2019 an Chiste. Dar leis an Roinn, ba é ba chúis leis an laghdú ar luach na sé ionad ó rinneadh an luacháil dheireanach an leibhéal ní ba mhó de shonraí a chuir an cleachtadh léarscáilithe ar fáil a d'fhág go rabhthas in ann costais athsholáthair ní ba chruinne a chur i bhfeidhm ar an liosta sócmhainní agus go ndearnadh luacháil ní ba chruinne, ach ní b'íse, mar sin féin, dá bharr.
- 10.49 Measúnú:** Tá an moladh seo curtha i bhfeidhm anois. Bhí fardal réadmhaoine curtha le chéile i Samhain 2019 agus rinneadh luacháil fhoirmiúil i ráithe a trí 2020.

¹ Rinneadh luacháil 2015 a leasú agus cuireadh figiúr €647 milliún ina hionad, a nochtadh i nóta le ráitis airgeadais 2018 an Chiste.

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí

- 10.50** Teastaíonn plan um chur i bhfeidhm ó aon phróiseas bainistíochta athruithe ag a bhfuil na socruithe cuí monatóireachta agus maoirseachta. Cuimsítear sa riachtanas seo moltaí a chur i bhfeidhm a rinne iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha.
- 10.51** Baineann tábhacht ar leith le próisis fhoirmiúla athraithe a chur i bhfeidhm i gcás eagraíocht atá chomh mór, chomh casta agus chomh hilghnéitheach leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cleachtas caighdeánach is ea é i gcomhlachtaí earnála poiblí go leanfadh an Coiste Iniúcháireachta i mbun ról monatóireachta maidir le moltaí na n-iniúcháirí.
- 10.52** D'fhiafraíomar den Roinn conas a d'éirigh léi na moltaí a chur i bhfeidhm a leagtar amach sa tuarascáil speisialta. Thug an Roinn an méid seo a leanas le fios:
- Roinneadh an fhreagracht as na moltaí a chur i bhfeidhm idir rúnaí cúnta na Roinne atá freagrach as gnóthaí corparáideacha agus an rúnaí cúnta atá freagrach as cúrsaí muirí.
 - Próiseas comhoibritheach a bhí i gceist leis na moltaí a chur i bhfeidhm ina raibh páirt ag na rannáin chuntas, iascaigh mhara agus innealtóireachta muirí. Níor fhorbair an Roinn plan gníomhaíochta foirmiúil ina raibh amhrámaí agus príomhfhreagrachtaí.
 - Níor leithdháileadh aon acmhainní/bhuiséad ar leith chun na moltaí a chur i bhfeidhm.
 - Níor cheadaigh an bhainistíocht shinsearach gníomhartha go leithligh chun moltaí a chur i bhfeidhm.
 - Tugadh faoi mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí mar chuid de chleachtais agus nósanna imeachta oibre leanúnacha na Roinne. Ní raibh aon chóras ar leith ann maidir le tuarascáil mhonatóireachta. Níor sholáthair an Roinn aon fhianaise lena thabhairt le fios go raibh baint ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca sa mhonatóireacht a rinneadh ar dhul chun cinn an chuir i bhfeidhm. Luaigh an Roinn, áfach, cé nár iarradh ar a hAonad Iniúcháireachta Inmheánaí go sonrach chun leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí, gur thug an tAonad faoi dhá iniúchadh neamhspleácha ar oibríochtaí na n-ionad, a dhéileálann le táillí a bhailiú agus le bainistíocht fiachais (Feabhra 2016) agus leis an gclár forbartha cuain (Iúil 2017).
 - Cuireadh an tArd-Rúnaí ar an eolas ar dhul chun cinn a rinneadh maidir le cur i bhfeidhm tríd an bpróiseas bliantúil ina ndéantar ráitis airgeadais an Chiste, tuarascáil bhliantúil agus miontuairiscí na Roinne a sheoladh ar aghaidh sula bhfreastalaítear ar chruinnithe an Choiste um Chuntais Phoiblí (an CCP).

Conclúidí agus moltaí

- 10.53** Dhéileáil an Roinn go pras leis na moilleanna an-suntasacha a bhí ar thuairisciú airgeadais ar oibríochtaí na n-ionad iascaigh cuain a dtugtar cuntas orthu i dtuarascáil speisialta 2014. Ní raibh ráitis airgeadais iniúchta don bhliain 2012 ar fáil go dtí lár na bliana 2015, i.e. 29 mí i ndiaidh dheireadh bhliain an chuntais. Cuireadh ráitis airgeadais iniúchta do gach bliain ó 2016 ar aghaidh ar fáil laistigh de 12 mhí i ndiaidh dheireadh bhliain an chuntais. Is féidir feabhas breise a chur ar thráthúlacht an tuairiscithe airgeadais maidir leis na hionaid.
- 10.54** Ghlac an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta Talmhaíochta, Bia agus Mara le gach ceann de na moltaí a leagtar amach sa tuarascáil speisialta. Cé go ndearnadh dul chun cinn ar a gcur i bhfeidhm a fhad leis an 28 Feabhra 2020, is gá obair bhreise a dhéanamh chun an tionscadal a chríochnú ina ndéanfar an bainistiú agus an tuairisciú airgeadais do na hionaid a nuachóiriú (féach ar an staid achomair i bhFíor 10.3).

Fíor 10.3 Stádas chur i bhfeidhm na moltaí a rinneadh i dtuarascáil speisialta 82 (Aibreán 2014), amhail an 28 Feabhra 2020^a

Moltaí	Stádas
1 Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar fhormaid na gcuntas don bhliain 2012 (agus i mblianta ina dhiaidh sin) ag féachaint le comhsheasmhacht i dtaobh cleachtas cothrom le dáta cuntasaíochta a chinntiú.	
2 Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe rialachais do na hionaid lena chinntiú go gcuirtear cineál an ghnó san áireamh go leordhóthanach iontu.	
3 Ba cheart don Roinn athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar leordhóthanacht an ordaithe muirir, ag eatraimh rialta, lena chinntiú go gcuirtear dálaí reatha geilleagracha san áireamh sna rátaí muirir go léir, agus go gcuirtear gach gníomhaíocht agus seirbhís ábhartha a chuireann ionaid ar fáil san áireamh.	
4 Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh láithreach bonn ar an réadmhaoin siúd atá á soláthar saor in aisce nó atá folamh faoi láthair, ag féachaint lena chinntiú go bhfuil toradh iomaíoch ceart á bhaint ag na hionaid.	
5 Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm i gcás díolacháin réadmhaoin lena chur ar a cumas leanúint le toradh a bhaint ón réadmhaoin ar feitheamh an próiseas díolachán a thabhairt chun críche.	
6 Ba cheart don Roinn spriocanna ar leith a leagan amach chun an méid ama a ghlacann sé chun fiachais a bhailiú a laghdú. Ba cheart di aird níos luaithe a dhíriú ar chustaiméirí níos mó de réir mar a thagann riaráistí chun solais, agus straitéisí cuí a chur le chéile agus a dhoiciméadú chun oibriú leis na custaiméirí siúd.	
7 Ba cheart don Roinn luacháil reatha ar thalamh agus réadmhaoin ionaid a fháil. Chuirfeadh seo eolas ní b'iomláine agus ní ba chothroime le dáta ar fáil agus thacódh sé le hanailís airgeadais a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-ionad, agus ar chinnteoireacht maidir leis an úsáid a bhaintear as sócmhainní na n-ionad.	

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nóta: a Cuireadh i gcuntas sa mheasúnú freisin na forbairtí ábhartha a thit amach i ndiaidh an 28 Feabhra 2020.

Eochair:  Curtha i bhfeidhm  Curtha bhfeidhm go páirteach
 Ar bun  Níor cuireadh i bhfeidhm é

- 10.55** B'fhéidir go ndéanfaí dul chun cinn ní b'fhearr agus ní ba luaithe maidir leis na moltaí ar comhaontaíodh orthu dá nglacadh an Roinn le cur chuige ní ba struchtúraí i leith monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm. Cé gur sannadh freagracht go foirmiúil as dul chun cinn a chur i bhfeidhm agus tuairisciú bliantúil a dhéanamh air, níor éirigh leis an Roinn príomhghnéithe dea-chleachtais eile a chur i bhfeidhm a chabhraíonn le bainistíocht éifeachtach athruithe a chinntiú (féach ar Fhíor 10.4).

Fíor 10.4 Príomhphrionsabail dea-chleachtais maidir le bainistíocht athruithe

Freagracht a shannadh — ba cheart don oifigeach cuntasáiochta/an duine cuntasach freagracht a shannadh go foirmiúil as athrú/moltaí a chur i bhfeidhm don duine/na daoine aonair ábhartha.

Plean gníomhaíochta a fhorbairt — ba cheart go leagfaí amach ann seo: cuspóirí an athraithe agus ráiteas ar an méid a bheadh i gceist le hathrú rathúil; na gníomhartha riachtanacha; amlíne, ag a bhfuil spriocanna idimheánacha ama; na hacmhainní atá le sannadh.

Faomhadh an phlean — a chinntiú go ndéanann an bhainistíocht shinsearach/an t-oifigeach cuntasáiochta/an duine cuntasach ábhartha an plean gníomhaíochta a fhorhuiniú/a cheadú.

Na hacmhainní a leithdháileadh — a chinntiú go gcuirtear acmhainní dóthanacha cuí ar fáil chun an próiseas athraithe a chur i bhfeidhm; d'fhéadfadh go mbeadh acmhainní breise bainistíochta a bhaint ó fhreagrachtaí reatha i gceist leis seo.

Monatóireacht a dhéanamh ar an bplean — meicníocht fhoirmiúil a bhunú chun monatóireacht rialta a dhéanamh ar: dul chun cinn ar an bplean a chur i bhfeidhm; infhaighteacht acmhainní; garspriocanna athraithe a sholáthar — ba cheart go mbeadh coiste iniúchóireachta agus riosca na heagraíochta curtha san áireamh, de ghnáth, i gcás moltaí a eascraíonn as iniúchtaí (seachtrach nó inmheánach).

Tuairisc ar dhul chun cinn — ba cheart tuairisciú tréimhsiúil seachtrach a dhéanamh chun páirtithe leasmhara a choimeád ar an eolas ar dhul chun cinn.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Moladh 10.1

Maidir le hionad iascaigh cuain a oibriú, ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis tuairiscithe airgeadais agus bhainistithe airgeadais. I ndiaidh dul i gcomhairle leis na páirtithe ábhartha, ba cheart go nglacadh sí le plean foirmiúil chun moltaí a chur i bhfeidhm a sainiú san athbhreithniú sin laistigh d'amscála sonraithe.

Freagairt an Oifigigh Chuntasáiochta

Comhaontaítear.

Ó foilsíodh an tuarascáil speisialta, cuireadh nósanna imeachta agus próisis dhaingne i bhfeidhm a chuimsigh gach gné den bhainistíocht a dhéantar ar na cuanta. Tá na próisis soláthair, an bhainistíocht a dhéantar ar oibreacha caipitil, sonrascadh, bainistíocht fiachais etc. go léir i gcreat atá i bhfad níos sláine anois. Dá ainneoin sin, bunóidh mé grúpa tionscadail chun na socruithe a dhéanamh chun cuntais na gcuanta a ullmhú ar bhonn fabhrúithe agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis reatha bhainistithe airgeadais.

Moladh 10.2

Ba cheart don Roinn spriocdháta cuí a leagan amach chun a ráitis airgeadais bhliantúla do na hionaid iascaigh cuain a chur i láthair níos luaithe agus ba cheart di plean a fhorbairt chun soláthar a bhaint amach laistigh den sprioc-amhráma sin. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa phlean seo freisin na ceanglais maidir leis na ráitis airgeadais eile a cheanglaítear ar an Roinn a sholáthar a ullmhú, a iniúchadh agus a sheoladh ar aghaidh.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear.

Tá feabhas suntasach tagtha cheana féin, áfach, ar thráthúlacht an tuairiscithe airgeadais a shonraítear sa chaibidil seo, cé go raibh cúinsí ar leith i gceist in 2020 a d'fhág nach bhféadfaí cuntais 2019 a sheoladh ar aghaidh a luaithe a seoladh na cuntais siúd ar aghaidh don bhliain 2018.

- 10.56** Rinne an Roinn athruithe ar na socruithe bainistíochta agus tuairiscithe maidir leis na hionaid i ndiaidh athbhreithniú inmheánach a dhéanamh, coiste bainistíochta ionaid iascaigh cuain nua a bhunú ina measc, agus rinneadh coigeartú breise orthu seo i ndiaidh gur tugadh an tuarascáil speisialta chun críche. Ní dhearnadh aon athbhreithniú foirmiúil, áfach, ar na fiúntais a bhaineann le struchtúir rialachais mhalartacha fhéideartha, e.g. comhlacht Stáit aonair a bhunú chun bainistiú a dhéanamh ar ghnó na gcuanta.
- 10.57** Níl téarmaí tagartha ag an gcoiste bainistíochta cuanta iascaigh faoina n-oibríonn sé. Ní ullmhaítear miontuairiscí maidir le cruinnithe a thionóltar agus níl aon socruithe foirmiúla tuairiscithe ann maidir le Bord Bainistíochta, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca na Roinne ná aon údarás cuí eile.

Moladh 10.3

Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil téarmaí tagartha atá sainithe go soiléir ag gach coiste bainistíochta a ceadáíodh ar leibhéal cuí, go n-ullmhaítear agus go bhfaomhtar miontuairiscí cruinnithe a thionóltar agus go bhfuil socruithe foirmiúla tuairiscithe cuí ann.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear.

Tá breithniú á dhéanamh agam ar théarmaí tagartha foirmiúla don choiste bainistíochta a fhaomhfaidh mé go luath. Ceanglóidh seo go n-ullmhófar tuarascáil ráithiúil ar ghníomhaíochtaí cuain atá le cur i láthair Bhord Bainistíochta na Roinne.

